C/2024/5985

2.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11639 – ENILIVE / LG CHEM / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/5985)

1. An 25 Meán Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Enilive S.p.A. ('Enilive', an Iodáil), faoi rialú Eni S.p.A. ('ENI', an Iodáil), agus

— LG Chem Ltd. ('LGC', an Chóiré Theas).

Gheobhaidh Enilive agus LGC rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar LG-Eni BioRefining, Co., Ltd, comhfhiontar lánfheidhme úrnua ('JVCo').

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is cuideachta Iodálach é Enilive, agus is foghnóthas de chuid ENI é. Tá sé gníomhach sa ghnó a bhaineann leis an eolaíocht bhitheach agus le claochlú na soghluaisteachta,

— Is cuideachta ceimiceán ón gCóiré Theas é LGC atá gníomhach i ngnóthaí a bhaineann le peitriceimiceáin, ardábhar, an eolaíocht bhitheach agus ceallraí.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag JVCo: táirgeadh agus díol ola plandúla hidreachóireáilte ('HVO'), Díosal, bithcheirisín scairdeitleáin (breosla eitlíochta inbhuanaithe), HVO-nafta (ar a dtugtar bith-nafta freisin), agus bithgháis peitriliam leachtach.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11639 – ENILIVE / LGC / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË